Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)**

**9164/21**

**ESPACE 61
MARE 18
RECH 272
COMPET 428
MI 397
IND 147
ENV 376
EU-GNSS 29
TRANS 334
TELECOM 227
ENER 239
EMPL 263
CSDP/PSDC 283
CFSP/PESC 521**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Bealtaine 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8959/21 |
| Ábhar: | An spás do dhaoine i limistéir Eorpacha cois cósta<br>- conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 28 Bealtaine 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le 'An spás do dhaoine i limistéir Eorpacha cois cósta', a ghlac an Chomhairle ag an 3797ú cruinniú a bhí aici, a tionóladh an 28 Bealtaine 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le 'An spás do dhaoine i limistéir Eorpacha cois cósta'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MHEABHRÚ DI

A. An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear inniúlacht de chuid an Aontais sa Spás[1];

B. An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Spáis don Eoraip, a tíolacadh an 26 Deireadh Fómhair 2016[2] agus go háirithe an sprioc straitéiseach an lántairbhe a bhaint as an spás don tsochaí agus do gheilleagar an Aontais agus ról an Spáis Nua;

C. Na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Straitéis Spáis don Eoraip' an 30 Bealtaine 2017[3], ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí spáis agus feidhmeanna spáis a mhéadú chun tacú le beartais phoiblí agus réitigh éifeachtacha a sholáthar ar dhúshláin shochaíocha, agus a thábhachtaí atá leanúnachas iontaofa agus éabhlóid inbhuanaithe atá faoi stiúir úsáideoirí do chláir shuaitheanta an Aontais amhail Galileo, EGNOS agus Copernicus, lena dtacaítear le taighde agus nuálaíocht, chomh maith le bunú ardáin seirbhísí faoi stiúir tionscail Eorpacha chun go ndéanfar comhiomlánú ar shonraí Copernicus agus chun go ndéanfar na sonraí sin a scaipeadh agus rochtain a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí agus ar bhonn fadtéarmach chomh maith le cumais phróiseála ar líne a chur ar fáil;

D. An mheastóireacht eatramhach ar Copernicus i mí Iúil 2017[4], inar dearbhaíodh ábharthacht an chláir maidir le seirbhísí a sholáthar i réimse an chomhshaoil agus na slándála, ag freagairt do riachtanais oibríochtúla a úsáideoirí agus do riachtanais oibríochtúla shaoránaigh na hEorpa i gcoitinne, á aithint gur beag réimse inar cheart táirgí a chur isteach, amhail i gcás na limistéar cois cósta;

[1] Go háirithe Airteagail 4(3) agus 189 de.
[2] 13758/16.
[3] 9817/17.
[4] 13599/17 + ADD1.

E. Na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Réitigh spáis d'Artach inbhuanaithe' an 29 Samhain 2019[5], ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil go leor de na dúshláin agus na riachtanais atá ag an Artach cosúil leis na dúshláin agus na riachtanais atá ag limistéir chósta agus iargúlta, farraigí agus aigéin eile agus go bhfuil sineirgí agus comhordú le feabhsú le tionscnaimh réigiúnacha eile, lena n-áirítear tionscnaimh don bhainistiú comhtháite muirí, agus á aithint di an ról atá ag seirbhísí téamacha Copernicus, á mheabhrú di a thábhachtaí atá sineirgí le Galileo le haghaidh oibríochtaí sábháilte iompair, gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus faireachán comhshaoil;

F. Torthaí Thuarascáil an Gheilleagair Ghoirm 2020 ón Aontas, go háirithe an gá atá le luach na n-aigéan agus na bhfarraigí a aithint agus a admháil, bíodh luach eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil nó cultúrtha i gceist leis sin; ba cheart do gheilleagar gorm na hEorpa, mar chuid de Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais, a bheith ina cholún lárnach daingean a rannchuidíonn le clár oibre an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip trí théarnamh glas gheilleagar na hEorpa agus athléimneacht ár sochaí;

G. An ráiteas comhpháirteach ón Aontas agus ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis ó 2016 agus an litir a chomhshínigh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis an 17 Márta 2021, ina n-aithnítear gur cheart go mbainfeadh an Eoraip tairbhe as a réitigh spáis ar mhaithe lena beartais phoiblí agus lena rathúnas chun leas shaoránaigh na hEorpa trí fheabhas a chur, i measc nithe eile, ar fheidhmíocht chláir shuaitheanta an Aontais, Galileo agus Copernicus;

H. Tuarascáil Speisialta. 07/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *EU Space programmes Galileo and Copernicus: services launched, but the uptake needs a further boost* [Cláir spáis an Aontais, Galileo agus Copernicus: seirbhísí seolta, ach gá borradh breise a chur faoina nglacadh];

1) AITHNÍONN SÍ an t-aitheantas a thugtar ar fud an domhain do Copernicus mar chlár seanbhunaithe agus ceannródaíoch um fhaire na Cruinne, lenar féidir tacú le caomhnú ár bpláinéid agus a bhithsféir, ag tacú, ar an gcaoi sin, le forbairt beartais chun feabhas a chur ar cháilíocht bheatha shaoránaigh na hEorpa go háirithe, agus go bhfuil an clár ríthábhachtach chun réitigh a chur ar fáil do na dúshláin shochaíocha dhomhanda agus gur uirlis thábhachtach é don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus trí fheidhmchláir iartheachtacha a fhorbairt freisin;

2) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as poitéinseal iomlán Copernicus, Galileo agus EGNOS do shochaí agus do gheilleagar an Aontais, lena n-áirítear bearta um ghlacadh úsáideoirí agus um ghlacadh an mhargaidh chun fás, cruthú post agus aistriú eolais a spreagadh, chomh maith le fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna;

[5] 14603/19

3) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhforáiltear sa Rialachán maidir le Clár Spáis an Aontais do sheirbhís Copernicus atá tiomnaithe d'fhaireachán ar chomhshaol na mara, agus gur ceann de na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear leis is ea faisnéis a sholáthar maidir le staid agus dinimic éiceachórais na n-aigéan, na bhfarraigí agus an chósta, agus luaitear ann an gá atá le misin nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, guaiseacha muirí, faireachán beo ar éiceachórais mhuirí, chomh maith le hardseirbhísí agus seirbhísí níos spriocdhírithe do phobail úsáideoirí nua agus reatha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhforáiltear leis freisin do sheirbhís Copernicus atá tiomnaithe d'fhaireachán talún (lena n-áirítear an t-imeallbhord) lena dtugtar faisnéis gheospásúil maidir le cumhdach talún agus na hathruithe air, úsáid talún, staid an fhásra, timthriall an uisce agus fuinneamh dromchla na Cruinne do raon leathan úsáideoirí, i réimse na bhfeidhmchlár talún comhshaoil; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR freisin go gcuireann seirbhísí agus feidhmeanna Copernicus go mór leis an aistriú glas agus go rannchuidíonn siad le huirlisí cinnteoireachta agus pleanála a bheidh chun sochair do shaoránaigh na hEorpa;

4) AITHNÍONN SÍ Dearbhú na nAirí ón Aontas don Réigiún Meánmhuirí maidir leis an nGeilleagar Gorm Inbhuanaithe ó mhí Feabhra 2021 ina n-aithnítear gné an chósta agus úsáideoirí mar thosaíocht do Copernicus, chomh maith le leanúint den chomhordú atá á dhéanamh faoi láthair ar sheirbhísí muirí agus talún Copernicus agus é a leathnú chuig croí-sheirbhísí eile, agus riachtanais na n-eagraíochtaí maidir le seirbhísí náisiúnta cósta, bunaithe ar thíortha Med7, á gcur san áireamh[6];

5) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil ról ríthábhachtach ag faire na Cruinne maidir le faireachán a dhéanamh ar na hathruithe ar pharaiméadair gheoifisiceacha agus ar thionchar ghníomhaíochtaí an duine ar na farraigí agus na haigéin agus go háirithe i limistéir chósta, ar éiceachórais thábhachtacha iad; AITHNÍONN SÍ nach bhfreastalaíonn na seirbhísí talún ná na seirbhísí mara go hiomlán ar limistéir chósta ar bhealach comhtháite, agus go gcaithfidh na limistéir sin a bheith ina n-ábhar do shonraí, seirbhísí agus táirgí tiomnaithe, mar a mholtar i meastóireacht eatramhach Copernicus, chun tuiscint níos fearr a fháil ar iarmhairtí an athraithe aeráide bunaithe ar rannchuidithe agus ar idirghníomhaíochtaí idir an aeráid, na haigéin, na farraigí agus dromchlaí talún; AITHNÍONN SÍ gur cheart na seirbhísí faireacháin cósta sin a bheith bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí agus, i gcás inar féidir, gur cheart iad a thógáil ar bhealach ina mbeidh siad comlántach do chórais faireacháin príobháideacha agus poiblí atá ann cheana;

[6] An Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Phortaingéil

6) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur réigiúin ina bhfuil daonra mór iad limistéir chósta don chuid is mór agus gur ionaid iad ina mbíonn dianghníomhaíochtaí eacnamaíocha ar siúl a chothaíonn an geilleagar gorm, ar éiceachórais iad a bhfuil dúshláin agus rioscaí tromchúiseacha rompu de dheasca an athraithe aeráide agus feiniméin a éiríonn as gníomhaíochtaí an duine agus feiniméin nádúrtha agus gur príomhshócmhainní iad na limistéir sin do gheilleagar gorm an Aontais le haghaidh fás san Eoraip agus aistriú glas a bheidh chun tairbhe do na saoránaigh;

7) MEABHRAÍTEAR DI ról Copernicus maidir lenár n-eolas ar imeallbhoird atá ag athrú a neartú ar bhealach níos fearr; agus go bhfuil a sheirbhísí agus a fheidhmeanna oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus chun rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an duine, le cur chuige cothrom, ionas go ndéanfar na héiceachórais cósta agus an bhithéagsúlacht ghaolmhar mhuirí agus talún a chaomhnú go fadtéarmach;

8) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfreagraíonn na sé sheirbhís théamacha de chuid Copernicus ar riachtanais na n-úsáideoirí poiblí agus príobháideacha i réimsí an fhaireacháin ar an atmaisféar, an fhaireacháin ar an muirthimpeallacht, an fhaireacháin talún, an athraithe aeráide, an bhainistithe éigeandála agus i réimse na slándála; AITHNÍONN SÍ, áfach, go bhfuil bearnaí fós ann maidir le príomhathróga a thomhas sna héiceachórais chósta agus go bhfuil gá le hiarrachtaí comhordaithe agus comhair chun sonraí a tháirgeadh ar bhealach rialta lena ngabhann aonchineálacht agus idir-inoibritheacht, IS DÍOL SÁSAIMH DI sonraí ónár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun táirgí Copernicus a fheabhsú; agus TACAÍONN SÍ le tionscnaimh sna creataí idirnáisiúnta iltaobhacha maidir le faireachán a dhéanamh ar limistéir chósta le sonraí spásbhunaithe;

9) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá ag seirbhísí limistéar cósta le cur chuige ilghnéitheach maidir leis na hathróga atá le tomhas agus maidir leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí atá le forbairt chun go mbeidh córas faisnéise iontaofa agus cuimsitheach ann bunaithe ar shonraí ó fhaire na Cruinne agus ar shamhaltú. I measc na ngnéithe a d’fhéadfaí a bhreithniú tá sábháilteacht agus slándáil na ndaoine agus na mbonneagar, chomh maith le cosaint agus bainistiú talún agus limistéar uirbeach agus éiceachóras cósta, lena n-áirítear bainistiú uisce agus fuinnimh agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair mhuirí. Ach tomhas a dhéanamh ar thruailliú, creimeadh, cumhdach talún agus úsáid talún, tuilte agus an t-ardú ar leibhéal na farraige éascófar an faireachán agus an réamhaisnéis chun tacú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin; MOLANNA SÍ go mbainfí úsáid níos leithne as sonraí satailíte chun cur le faireachán náisiúnta agus reachtúil comhshaoil a bhíonn, i láthair na huaire, bunaithe go minic ar shonraí *in situ*;

10) MEASANN SÍ go bhfuil gá le comhordú maith i measc na n-eintiteas ábhartha chun seirbhísí comhcheangailte a chur ar fáil, san iliomad réimsí leasa, d’éiceachórais chósta agus freastal, ar an mbealach is fearr is féidir, ar riachtanais úsáideoirí, amhail idir seirbhísí slándála le haghaidh faireachán ar chomhshaol na mara, seirbhísí éigeandála, faireachán talún, nó sonraí meitéareolaíocha agus aeráide agus réamhaisnéis na haimsire;

11) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mba bhuntáiste do chur chuige mar sin í an chomhroinnt eolais, lena n-áirítear sonraí a tháirgeann córais chósta náisiúnta agus réigiúnacha, idir phoiblí agus phríobháideach, chun breisluach a chur ar fáil don fhaisnéis atá ann cheana agus riachtanais úsáideoirí i limistéir chósta a chomhroinnt chun pleanáil a dhéanamh ar fhorbairt seirbhísí agus táirgí tiomnaithe cósta; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige comhbheartaithe agus comhordaithe a fhorbairt maidir seirbhísí saitilítbhunaithe a phríomhshruthú, go háirithe táirgí agus seirbhísí Copernicus, anuas ar ghníomhaíochtaí spreagtha margaidh do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, chun réitigh a chruthú, a bheidh saincheaptha d’úsáideoirí cósta, agus a bheidh comhtháite le huirlisí arna bhforbairt agus á n-úsáid ag na Ballstáit;

12) Is DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh an Choimisiúin é a chur de chúram ar eintitis a bhfuil cúraimí Copernicus orthu, atá i bhfeighil ar Sheirbhís Mara Copernicus (CMEMS) agus ar Sheirbhís Talún Copernicus (CLMS), feabhas a chur ar an dá sheirbhís le chéile, mar aon leis an gcomhpháirt *in situ* de Copernicus, agus na comhéadain le seirbhísí ábhartha eile a chomhdhlúthú, chun táirgí sonraí a sholáthar atá dírithe go háirithe ar limistéir chósta san Aontas; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar EUSPA plean cur chun feidhme a fhorbairt le haghaidh glacadh seirbhísí agus sonraí san earnáil iartheachtach, i ndlúthchomhar le fóraim úsáideoirí, chun rannchuidithe seirbhísí mara agus talún a fheabhsú agus a chomhtháthú, i dteannta seirbhísí ábhartha eile, in éineacht le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta; MOLANN SÍ go ndéanfaí samhaltú na n-éiceachóras cósta a fhorbairt ar bhealach céimnithe, ag tosú le píolótaí in éiceachórais bheaga amhail in Imchuach an Artaigh agus na Meánmhara, i limistéir Atlantacha an Aontais, nó i Muir Bhailt, sa Mhuir Dhubh agus sa Mhuir Thuaidh;

13) ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhféadfaidh an Spás Nua, má bhítear airdeallach ar riachtanais úsáideoirí agus deiseanna margaidh, seirbhísí agus réitigh spáschumasaithe a chur ar fáil atá de dhíth ar limistéir Eorpacha cois cósta; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar EUSPA gníomhú chun na deiseanna sin a thapú ar féidir fás breise eacnamaíoch a ghiniúint leo agus a d'fhéadfadh a bheith chun sochair don tsochaí i gcoitinne;

14) MOLANN SÍ go ndéanfaí sineirgí le Fís Eorpach a shaothrú a thuilleadh, lena n-áirítear misin Fís Eorpach, eadhon an misean maidir le haigéin, farraigí agus uiscí cósta agus intíre sláintiúla, an misean maidir le cathracha aeráidneodracha agus cliste, agus an misean maidir le hoiriúnú don athrú aeráide lena n-áirítear claochlú sochaíoch i dtreo próisis nuálaíochta cumasúcháin ina dtugtar le chéile teicneolaíochtaí um fhaire na Cruinne agus córas suite satailíte agus ardáin teicneolaíochta eile atá bunaithe ar an talamh nó san aer; agus MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá ról Fís Eorpach maidir le réitigh nuálacha spáis a chumasú agus a fhorbairt agus maidir le tacú le tionscal spáis na hEorpa;

15) AITHNÍONN SÍ go dtugann saitilítí um fhaire na Cruinne agus foinsí sonraí *in situ* méid ollmhór sonraí luachmhara chun uirlisí samhaltaithe casta a mhúnlú ar féidir iad a úsáid i dtionscnaimh amhail an tionscnamh 'Destination Earth'; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuireann comhroinnt sonraí úsáid níos leithne teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha, amhail an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, feabhas ar chur i bhfeidhm shonraí um fhaire na Cruinne ar limistéir chósta;

16) MEASANN SÍ go bhfuil an méid a chuireann sonraí Copernicus agus seirbhísí Copernicus leis an 'Destination Earth' ríthábhachtach, mar a léirítear sa chomhpháirt 'Digital Twin Ocean'[Leathchúpla Digiteach don Aigéan] a bheidh bunaithe ar sheirbhís mara Copernicus, agus measann sí go gcuirfidh 'Destination Earth' le cuspóirí Copernicus, agus go n-áiritheofar, dá bhrí sin, dlúthchomhordú;

17) AITHNÍONN SÍ an rannchuidiú suntasach a thiocfaidh ó sheirbhís éigeandála Galileo chun foláirimh ó údaráis cosanta sibhialta a thabhairt ar aghaidh do phobal na limistéar cósta i gcás tubaistí agus guaiseacha nádúrtha, agus ó sheirbhís cuardaigh agus tarrthála Galileo (SAR) atá mar thagairt faoi láthair i bhfeidhmchláir mhuirí SAR chun cabhrú le daoine atá in anacair a aimsiú ar fud an domhain.